



An Bhruiséil, 9.12.2022
COM(2022) 705 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN
gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA
AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

maidir le cur chun feidhme straitéisí macraireigiúnacha an Aontais

{SWD(2022) 397 final}

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

maidir le cur chun feidhme straitéisí macraireigiúnacha an Aontais

1. RÉAMHRÁ

Creata polaitiúla atá sna straitéisí macraireigiúnacha ('MRS') arna dtosú ag tíortha de chuid an Aontais agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad atá suite i limistéar geografach sainmhínithe. Téitear i ngleic sna creata sin le dúshláin agus deiseanna comhchoiteanna trí chuspóirí comhroinnte, fadtéarmacha a leagan síos, amhail 'Muir Bhailt a Shábháil'. Contrártha do thionscadail chlasaiceacha i gcláir mhaoinithe thraidisiúnta an Choimisiúin, ní dhírítear in MRS ar ghníomhaíochtaí aonuaire le tús réamhchinntithe agus dáta deiridh socraithe. Creata comhair iad MRA go bunúsach, ina mbunaítear líonraí páirtithe leasmhara a fhoirmíonn meascán trasnáisiúnta, trasearnála de shaineolas leis an acmhainn chun tuilleadh comhair, luacha agus rathúnais a chruthú. Is é is aidhm leo inniúlachtaí institiúideacha a fheabhsú leis an acmhainn chun seirbhísí nuálacha agus ionchuimsitheacha a chruthú ar féidir leo daoine agus páirtithe leasmhara a chumhachtú, ionas go mbeidh siad ag rannchuidiú go gníomhach le forbairt macraireigiún rathúil agus oscailte sa mheántearma go fadtéarma.

Téann MRS i ngleic le saincheisteanna inar gá do roinnt tíortha comhoibriú bunaithe ar chur chuige trasearnála agus rialachais il-leibhéil. Géaraíonn MRS aitheantas ar a limistéir fad is a mhéadaítear freagracht agus rannpháirtíocht ghníomhach saoránach. Buntáiste atá i saintréith bhog an chomhair MRS mar go n-osclaíonn sé le haghaidh réiteach atá deacair a bhaint amach go minic i gcomhthéacsanna níos foirmiúla a bhfuil leasanna náisiúnta iomaíocha mar shaintréith acu. Is é sin an chúis gur éirigh le MRS cabhrú le Muir Bhailt a ghlanadh, inseoltacht na Danóibe a fheabhsú trí athshlánú agus cothabháil seolbhealaí, ag cruthú coinníollacha chun hidrigin a fhorbairt mar bhreosla glas malartach sna hAlpa agus ag láidriú an réigiúin Aidriadach agus Iónach mar cheann scríbe turasóireachta den chéad scoth.

Éascaíonn MRS freisin cur chun feidhme croíthionscnaimh pholaitiúla Eorpacha ar fead a gcríoch agus iad a chomhordú le tionscnaimh réigiúnacha agus áitiúla. Mar an gcéanna, tabharfaidh MRS gné chríochach chuig an aistriú glas, digiteach agus sóisialta, lena n-áirítear ag dul i ngleic le hiarmhairtí an chogaidh sa Úcráin agus an téarnamh ón bpaindéim. Ar deireadh, soláthraíonn MRS réamhrá maith den chaoi a n-oibríonn an tAontas Eorpach don Úcráin, don Mholdóiv agus do thíortha na mBalcán Thiar agus do thíortha eile a bhfuil sé de mhian acu bheith mar chuid den Aontas Eorpach.

Tá naoi dtír déag de chuid an Aontais agus deich dtír nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad bainteach sna ceithre MRS. Is iad:

- straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR, 2009);
- straitéis an Aontais Eorpaigh do réigiún na Danóibe (EUSDR, 2011);
- straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR, 2014); agus
- straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp (EUSALP, 2016).

Ó 2016, mar a d'iarr an Chomhairle¹, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil chur chun feidhme maidir leis an gceithre MRS gach dara bliain. Is í seo an ceathrú tuarascáil, ina gcumhdaítear

¹ Conclúid ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp (EUSALP), pointe (32): https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/cooperate/macro_region_strategy/pdf/eusalp_council_conclusions_27112015.pdf

an tréimhse ó lár 2020 go lár 2022. Déantar measúnú inti ar an staid reatha agus an dul chun cinn maidir leis an MRS a chur chun feidhme agus scrúdaítear inti bealaí chun cinn. Comhlánaítear í le doiciméad inmheánach oibre (SWD) ina soláthraítear faisnéis shonrach maidir le gach MRS. Tá an dá dhoiciméad bunaithe go príomha ar ábhar ó chomhordaitheoirí náisiúnta (NCanna) MRS agus comhordaitheoirí téamacha (TCanna) ('príomhfheidhmeoirí MRS') agus saineolaithe. Tháinig Conclúidí ón gComhairle tar éis na chéad trí thuarascáil ina cuireadh i dtábhacht príomhréimsí tosaíochta do na Ballstáit.

Cuirtear MRS chun feidhme i gcomhthéacs polaitiúil i gcás ina leagtar amach treoshuíomhanna straitéiseacha nua don Aontas Eorpach sa Chomhaontú Glas don Eoraip (EGD) agus san aistriú digiteach. Táthar ag súil go mbeidh gach MRS rathúil maidir leis na hábhair sin, chomh maith le maidir le cuimsiú na sochaí sibhialta agus na hóige, go suntasach i gcomhthéacs Bhliain Eorpa na hÓige 2022.

Foilsítear an tuarascáil seo ag am nuair atá cogadh arís ar siúl san Eoraip. Tá preab bainte as an domhan ar fad mar gheall ar ionsaitheacht mhíleata gan údar na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an tír ag a bhfuil uachtaránacht EUSDR faoi láthair. Beidh iarmhairtí an chogaidh seo lena n-áirítear – ach gan a bheith teoranta de – insreabhadh dídeanaithe agus slándáil fuinnimh ar bharr an chláir oibre sna blianta romhainn. Ba cheart é seo a chur leis an bpaindéim nach bhfacthas riamh cheana nach bhfuil thart go fóill agus i gcás ina mbíonn páirtithe leasmhara MRS ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin ag streachailt le dul i ngleic leis na tionchair mhóra geilleagracha, fíoscacha agus sóisialta.

2. TOSAÍOCHTAÍ TÉAMACHA ARNA DTIOMÁINT AG AN AISTRIÚ GLAS AGUS DIGITEACH

Tá MRS tiomanta go láidir do Chomhaontú Glas don Eoraip (EGD) trí chur chuige trasearnála a sholáthar bunaithe ar rialachas il-leibhéal agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara leathan. Éascaíonn siad freisin rannpháirtíocht na mBalcán Thiar agus tíortha aontachais eile sa tionscnamh seo agus tionscnaimh lena mbaineann freisin amhail an Clár Oibre Glas le haghaidh na mBalcán Thiar. Go háirithe, rinne na pleananna gníomhaíochta athbhreithnithe EUSBSR (2021) agus EUSDR (2020) ailíniú breise ar na straitéisí le EGD. Tagraítear go sonrach i bpríomhdhoiciméid straitéiseacha a bhaineann le EGD, agus níos faide ná EGD, don rannchuidiú atá déanta ag MRS.

Tagraítear freisin don Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige nua an Gheilleagair Ghoirm Inbhuanaithe de 2021², go sonrach do ról MRS agus an próiseas maidir le MRS a leabú isteach sa chlár náisiúnta cistí. Tá sé seo ábhartha go háirithe don MRS le gné láidir mhuirí. Is amhlaidh an cás sin freisin maidir leis an straitéis ón Aontas um fhuinneamh inathnuaite muirí³ agus an Plean REPowerEU⁴. Luaitear sa straitéis ón Aontas um fhuinneamh inathnuaite muirí, lena áirithiú go n-éireoidh le pleanáil agus cur in úsáid fuinneamh inathnuaite mórskála eischósta, beidh gá le comhar réigiúnach a spreagadh, trí MRS⁵. Aithnítear i bPlean REPowerEU⁶ ról MRS chun comhar a chur chun cinn in infheistíochtaí i mbonneagar hidrigine.

² COM(2021) 240 final.

³ https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/offshore-renewable-energy_en

⁴ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal/repowereu-affordable-secure-and-sustainable-energy-europe_en

⁵ COM(2020) 741 final - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0741&from=EN>

⁶ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_3131

Tá éachtaí tábhachtacha spreagtha ag MRS cheana féin in earnálacha straitéiseacha a bhaineann le Gníomhaíocht EGD ‘Fuinneamh glan, inacmhainne agus slán’⁷. D’fhorbair réigiún Mhuir Bhailt⁸ líonra gairmiúil agus rinne sé foráil maidir le malartú saineolais agus taighde idirdhisciplíneach úrscothach maidir le barrfheabhsú fuinnimh gaoithe amach ón gcósta⁹. Sa réigiún Alpach, cruthaíodh coinníollacha le haghaidh infheistíochtaí comhordaithe i réimse na hidrigine¹⁰ agus cuireadh measúnú comparáideach ar Phleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide¹¹ ar fáil do réigiún na Danóibe¹². Chuir MRS chun cinn úsáid feithiclí leictreacha i gcórais iompair réigiúnacha agus áitiúla atá ann faoi láthair sa réigiún Aidriadach agus Iónach¹³.

Tá na haistrithe glasa agus digiteacha idirnasctha, agus bhí ról suntasach ag MRS sa cheann deiridh, ag tacú le cur chun feidhme Straitéis Dhigiteach na hEorpa. Cuspóir trasearnála is ea claochlú digiteach in EUSBSR agus EUSDR araon. Chun daoine a nascadh go leictreonach agus chun inrochtaineacht a chur chun cinn ar sheirbhísí poiblí ó limistéir chianda, is príomhghníomhaíocht é sin de EUSALP. Bhí nuálaíocht agus claochlú digiteach i measc na dtosaíochtaí téamacha faoi uachtaránacht na Slóvaice ar EUSDR in 2021.

Mar thoradh, d’fhorbair MRS roinnt tionscadal agus cur chuige nuálach sa réimse sin. Mhéadaigh EUSBSR éicéifeachtúlacht san earnáil mhuirí i Muir Bhailt trí réitigh dhigiteacha a chruthú agus a phíolótú i gcomhar le húsáideoirí deiridh tionscail agus eagraíochtaí taighde¹⁴. Bhí EUSDR ríthábhachtach chun rómhaorlathas a ghearradh don tionscal loingseoireachta trí dhoiciméid rialaithe chomhchuibhithe agus dhigitithe a thabhairt isteach agus chothaigh sé comhar trasnáisiúnta i measc scoileanna d’fhonn scileanna digiteacha múinteoirí i Réigiún na Danóibe¹⁵ a neartú. Thacaigh EUSAIR le forbairt líonra gnólachtaí agus braislí turasóireachta inbhuanaithe sa réigiún Aidriadach-Iónach. Is é is aidhm leis an líonra glacadh le Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil an Aontais (EMAS), leis an gCóras Eorpach de Tháscairí Turasóireachta le haghaidh bainistíocht inbhuanaithe ceann scríbe (ETIS) agus Scéimeanna Deimhnithe glasa eile (inbhuanaithe) agus iad a chur chun feidhme. Ar deireadh, chuir EUSALP tús le claochlú digiteach cliste sráidbhailte sa réigiún Alpach¹⁶. Cuireann an tacaíocht seo le pobail tuaithe i dtábhacht gné chríochach MRS chomh maith leis an ngné shóisialta den digitiú trí sheirbhísí agus uirlisí digiteacha a sholáthar do ghrúpaí sóisialta nach bhfuil rochtain éasca acu orthu.

⁷ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal/energy-and-green-deal_en

⁸ <http://www.baltic-integrid.eu/>

⁹ <http://www.baltic-integrid.eu/>

¹⁰ <https://www.alpine-region.eu/news/financial-dialogue-networks-workshop-taking-embedding-process-one-step-further>

¹¹ [NECP Danube Region REKK 2020 final 0215logo.pdf \(danube-region.eu\)](https://www.danube-region.eu/NECP_Danube_Region_REKK_2020_final_0215logo.pdf)

¹² [NECP Danube Region REKK 2020 final 0215logo.pdf \(danube-region.eu\)](https://www.danube-region.eu/NECP_Danube_Region_REKK_2020_final_0215logo.pdf)

¹³ <https://enmob.adrioninterreg.eu/>

¹⁴ <https://ecoprodiigi.eu/>

¹⁵ <https://peopleandskills.danube-region.eu/events/online-thematic-conference-school-cooperation-in-the-danube-region/>

¹⁶ <https://www.alpine-space.org/projects/smartvillages/en/home>

Samplaí de thionscadail agus de phróisis

*Tá Muir Bhailt i measc na n-uisci is truaillithe san Eoraip agus tá ‘Sábháil an Mhuir’ ina phríomhchuspóir de EUSBSR. Chuathas i ngleic i dtionscadal **BEST**¹⁷ (**Éifeachtúlacht Níos Fearr le haghaidh Cóireáil Séarachais Tionsclaíoch**) le heotrófú agus leis na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha araon trí chóireáil séarachais tionsclaíoch a fheabhsú i Réigiún Mhuir Bhailt. Ag déirí agus monarcha cáise Latvijas Piens (An Laitvia) d’fheabhsaigh réamhchóireáil fuíolluisce níos fearr torthaí cóireála ag an monarcha cóireála fuíolluisce bardasach in aice láimhe. Thóg bardas Doruchów (An Pholainn) líne chóireála nua le haghaidh fuíolluisce tionsclaíoch a chabhraíonn chun eotrófú a chosc.*

*Tá Ollscoileanna agus Lárionaid Taighde agus Nuálaíochta ina ngníomhaithe fíor-riachtanacha d’fhorbairt chríochach chun cur chun feidhme múnlaí inbhuanaithe a éascú agus chun cur chun feidhme Chomhaontú Glas don Eoraip sa Réigiún Alpach a chothú. Tá EUSALP ag cabhrú chun **bunú Comhghuaillíocht/Líonra Ollscoileanna Alpacha** a éascú trí ollscoileanna a shainaitheint ó sé thír EUSALP¹⁸.*

3. FÓCAS NÍOS LÁIDRE AR AN ATHRÚ SÓISIALTA, LENA N-ÁIRÍTEAR IARMHAIRTÍ AN CHOGAIDH SA ÚCRÁIN

Tá an t-aistriú glas agus digiteach nasctha le haistriú sóisialta. Athraíonn forbairt teicneolaíochta, domhandú agus tiomáint don chuíchóiriú go mór margadh saothair na hEorpa agus cruthaítear leo éileamh ar scileanna nua, oiriúnú tapa agus athléimneacht mhéadaithe fad is atá go leor gairmeacha traidisiúnta ag titim taobh thiar. Maidir le hathrú déimeagrafach, an phaindéim, insreabhadh dídeanaithe agus treocht ghinearálta ina n-éiríonn sochaithe na hEorpa níos deighilte le pócaí bochtaineachta agus eisiamh sóisialta, tá siad ar fad mar chuid den aistriú sóisialta seo. Sa phróiseas seo, féadfaidh MRS páirtithe leasmhara a shlógadh ag gach leibhéal ag cabhrú chun a áirithiú nach bhfágtar aon duine ar gcúl.

In EUSDR, cuireann an Mol Fiontraíochta Sóisialta Oideachais agus Forbartha (SI PLUS) le nuálaíocht shóisialta. Téitear i ngleic i bhFóram Saothair Mhuir Bhailt maidir le Saol Oibre Inbhuanaithe¹⁹ le dúshlán déimeagrafach, agus cuirtear chun cinn ann aosú gníomhach agus foghlaim ar feadh an tsaoil in EUSBSR. Díritear i Straitéis Nuálaíochta Sóisialta na nAlpach ar fhís nua den nuálaíocht shóisialta a shainmhíniú chun inniúlacht nuálaíochta na réigiún EUSALP a mhéadú trí fhreagairt do dhúshlán nua. Chuir EUSAIR chun cinn infheistíocht i scileanna agus oideachas le haghaidh geilleagar gorm níos inbhuanaithe sa Réigiún Aidriadach-Iónach. Sainaitheint ann scileanna agus oiliúint ghairme agus fiontraíochta mar phríomhthosaíochtaí a ndeachthas i ngleic leo i dtionscadal suaitheanta, DES_AIR, faoin gColún Turasóireachta Inbhuanaithe.

Tá dídeanaithe ón gcogadh sa Úcráin ag lorg dídine ar fud na hEorpa. Mar gheall air sin tá gníomhaíocht ag teastáil sna ceithre MRS. Cuireann aon bhrú breise ar chórais sláinte agus sóisialta a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu cheana féin isteach ar EUSBSR agus EUSDR go háirithe. Cabhraíonn go leor páirtithe leasmhara MRS le dídeanaithe agus tacaíonn siad le tionscnaimh chabhair dhaonnúil. Le déanaí, díriodh leis na gníomhaíochtaí MRS seo ar chomhtháthú dídeanaithe na hÚcráine agus ar chonairí sábháilte a bhunú le haghaidh lastais.

Ag an tráth céanna, bhí tionchair dhiúltacha ag an bpaindéim ar thíortha atá rannpháirteach in MRS. Ar an taobh dearfach, spreag sé bealaí nua oibre, chuir sé borradh faoi thionscnaimh

¹⁷ <https://bestbalticproject.eu/>

¹⁸ <https://www.alpine-region.eu/news/AG1-workshop-2022-with-26-alpine-universities>

¹⁹ <https://bslf.eu/sustainable-working-life/>

nua amhail braislí nuálaíochta a chabhraigh le FBManna coigeartú do choinníollacha nua iar-COVID, bhreisigh sé le hathrú i dtreo turasóireacht níos inbhuanaithe agus digitíú an mhargaidh saothair.

Samplaí de thionscadail agus de phróisis

Comhaltaí de ghrúpa stiúrtha réimse beartais Slán EUSBSR – an chuid is mó díobh ag teacht as gníomhaireachtaí um chosaint sibhialta ar fud an réigiúin Bhaltaigh – roinn siad a dtaití i mbailiú agus dáileadh cabhrach chun na hÚcráine agus d’fhreagair siad do riachtanais a bhí ag eascairt le haghaidh trealamh amhail innill dóiteáin. D’úsáid réimse tosaíochta 10 EUSDR (Inniúlacht agus comhar institiúideach) a líonraí d’eagraíochtaí sochaí sibhialta chun tionscnaimh a chomhordú chun tacú le daoine san Úcráin agus dídeanaithe a bhí ag teitheadh ón gcogadh.

4. COMHTHÁTHÚ AGUS FORBAIRT ÁITBHUNAITHE A CHUR CHUN CINN

Tá na ceithre MRS dea-ailínithe le cuspóir foriomlán an bheartais chomhtháthaithe le rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú san Aontas Eorpach agus chun míchothromaíochtaí a cheartú idir tíortha agus réigiúin.

Breisluach de chuid na straitéisí is ea chun cur chuige áitbhunaithe a thabhairt chuig beartas comhtháthaithe trí thacú le tionscnaimh atá ag teacht chun cinn ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach a d’fhéadfadh tairbhiú de chomhar ar leibhéal macraireigiúnach. Sna ceithre MRS, trasnaíonn réimse leathan próiseas agus tionscadal gníomhaíocht áitiúil agus réigiúnach faoi láthair le tosaíochtaí polaitiúla Eorpacha. Áirítear leis sin tionscnaimh chun rioscaí leis an athrú aeráide a bhainistiú trí i) idirghníomhaíocht a chumasú idir riaracháin áitiúla agus údaráis um chosaint sibhialta náisiúnta²⁰, ii) digitíú a úsáid chun constaicí nádúrtha a sháru agus athléimneacht shráidbhailte sléibhe agus tuaithe a neartú²¹, agus iii) brandaí críochacha ar scála beag in earnáil an agraibhia a fhorbairt²². Leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, cuireadh chun cinn cuir chuige rannpháirteacha agus ó bhun aníos le tacú le i) fiontraíocht²³, ii) braislí trasnáisiúnta agus moil nuálaíochta digití²⁴, agus iii) comhionannas idir mná agus fir sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht²⁵.

Tá an-ghealladh faoi na héachtaí seo ach tá raon feidhme ann fós do MRS a ról a mhéadú a thuilleadh, go háirithe tríd an nasc leis an leibhéal áitiúil a atreisiú.

5. AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT – LENA MBAINNEANN AN TSOCHAÍ SHIBHIALTA, PÁIRTITHE LEASMHARA ÁITIÚLA AGUS AN ÓIGE

Mar a leagtar amach sa Scáth-thuarascáil tras-MRS²⁶ arna chomhordú ag an Teach Eorpach lonnaithe i mBúdaipeist, tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí sochaí sibhialta i rannchuidiú le cinnteoireacht níos fearr, go háirithe trí phobail áitiúla agus réigiúnacha a thabhairt níos gaire do MRS.

²⁰ <https://www.cascade-bsr.eu/toolbox>

²¹ <https://www.alpine-region.eu/publications/smart-villages-using-potential-digitization-alpine-villages>

²² <https://www.alpine-region.eu/mapping-territorial-brands>

²³ <https://www.zsi.at/en/object/project/5803>

²⁴ <https://inerrant.italy-albania-montenegro.eu/>

²⁵ <http://www.balticsearegion.org/web/page.aspx?refid=134>

²⁶ <https://europeanhouse.hu/the-shadow-report/>

In EUSAIR agus EUSDR araon, tá an tsochaí shibhialta páirteach trí ardáin bunaithe ar phleanáil rannpháirteach, tógáil pobail agus cumhachtú. In EUSAIR, is ionann fóram Chomhlachais Tráchtála Aidriadach-Iónach (Fóram AIC)²⁷, Fóram Chathracha Aidriadacha agus Iónacha (FAIC)²⁸ agus Cumann Ollscoileanna an réigiúin Aidriadach agus Iónach (UNIADRION)²⁹ agus líonra de níos mó ná 120 comhlacht agus institiúid. In EUSDR, áirítear i measc na n-ardán sochaí shibhialta Fóram Sochaí Shibhialta na Danóibe³⁰ (DCSF) lena ghrúpa oibre, Ardán Gníomhaithe Áitiúla na Danóibe (D-LAP), DANET – Líonraithe na Danóibe don Eoraip³¹ agus an Teach Eorpach a chomhordaigh an Scáth-thuarascáil.

Tá páirtithe leasmhara EUSALP bainteach ón tús agus tá ról níos mó á imirt ag an tsochaí shibhialta chun an straitéis a chur chun feidhme. Áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí sochaí sibhialta i roinnt grúpaí gníomhaíochta agus tá an tsochaí shibhialta bainteach freisin in imeachtaí grúpa gníomhaíochta difriúla. Tá ról á imirt freisin ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta in EUSBSR. Tá siad gníomhach go háirithe i réimsí beartais an Oideachais, an Chultúir, na Sláinte agus na Turasóireachta.

Samplaí de thionscadail agus de phróisis

*Arna reáchtáil droim le droim le Fóram Bliantúil EUSDR, tugann **Laethanta Rannpháirtíochta na Danóibe**³² ionadaithe le chéile ó riaracháin phoiblí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, an tsochaí shibhialta, an tAontas Eorpach agus rialachas EUSDR agus páirtithe leasmhara eile EUSDR. Is é an cuspóir an muinín a neartú idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha agus chun réitigh inbhuanaithe a chruthú i bpáirt le haghaidh forbairt réigiúnach i Réigiún na Danóibe. Féachadh in eagrán 2021 ar réamhchoinníollacha do dhigitiú duine-láraithe agus an chúis go raibh sé sin tábhachtach.*

Aithníonn gach MRS an tábhacht a bhaineann leis an óige a thabhairt isteach ina rialachas agus chun teagmháil níos leithne a dhéanamh le daoine óga, iad a chumhachtú agus iad a chumasú chun gníomhaíochtaí a dhéanamh atá tiomanta dá leasanna agus dá n-ábhair imní. Seoladh an Forógra Óige le haghaidh Interreg³³ sa bhliain 2020. Sna blianta roimhe seo, thug na ceithre MRS cuireadh do dhaoine óga chuig na Fóraim Bhliantúla, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé le cinnteoirí. Méadaíodh cuimsiú daoine óga d'fhonn Bliain Eorpach na hÓige 2022.

Is ceannródaí é EUSALP a mhéid a bhaineann le cuimsiú daoine óga agus, in 2021, bhí sé ar an gcéad MRS chun Comhairle na nÓg a bhunú. Bhí daoine óga páirteach ann, ní hamháin i rialachas na straitéise, ach freisin chun gníomhaíochtaí atá tábhachtach don mhacraireigiún a ullmhú agus a dhéanamh. Anuas air sin, tá daoine óga agus eagraíochtaí óige páirteach freisin cheana sa chomórtas bliantúil chun do thionscadal a chur chun cinn³⁴, i gcampaí samhraidh EUSALP agus san ardán ar líne rannpháirteach todhchaí.

²⁷ <https://www.forumaic.org/?lang=en>

²⁸ <https://www.faic.eu/en/home-e/>

²⁹ <https://www.uniadrion.net/>

³⁰ <https://dcsf.danubestrategy.eu/>

³¹ <http://www.foragenetwork.eu/database/item/702-danet-danube-networkers-for-europe/DANET%20-%20Danube%20Networkers%20for%20Europe>

³² <https://capacitycooperation.danube-region.eu/participation-day/>

³³ [Forógra do Dhaoine Óga de chuid Daoine Óga chun Cruth a chur ar Bheartas Comhair na hEorpa](#)” i mí Dheireadh Fómhair 2020.

³⁴ <https://eusalp-youth.eu/about-pitch-your-project-en/>

Chinn EUSDR Comhairle na nÓg na Danóibe agus Líonra Eagraíochtaí na nÓg (DYC) a bhunú. Áireofar é i struchtúr rialachais EUSDR le ról chun comhairle a thabhairt do chroí-chomhlachta cinnteoireachta maidir le gach ábhar ábhartha. Anuas air sin, tacaíonn EUSDR le daoine óga trí imeachtaí bliantúla amhail Fóram Straitéiseach Óige Bled³⁵.

In EUSBSR tá an óige páirteach trí Fhóram Óige Mhuir Bhailt (BSYP)³⁶. Cuirtear i dtábhacht sa taithí ó Champaí Óige Mhuir Bhailt 2020 an gá chun BSYP a institiúidiú a thuilleadh agus rannpháirtíocht óige a chomhordú i ngach réimse beartais EUSBSR. Chomh maith leis sin, cuireann EUSAIR an óige chun tosaigh ar a chlár oibre agus tá comhairle na n-óg á bunú. Cuireadh i dtábhacht le linn uachtaránacht EUSAIR na hAlbáine in 2022 go leor gníomhaíochtaí a bhaineann leis an óige le linn Fhóram Bliantúil 2022 a reáchtáladh i dTiorána – amhail comórtas óige POPRI EUSAIR 2022.

Tá ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag fás le himeacht ama. Ach, is gá go fóill rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sin a mhéadú in MRS agus níos leithne chun páirtithe leasmhara áitiúla a shlógadh maidir le spriocanna comhchoiteanna. Dá mbunófaí idirphlé institiúidithe do shaoránaigh ar fud macraireigiún, d'fhéadfadh sé cuidiú chuige seo. D'fhéadfaí bealaí a fhiosrú freisin le go bhféadfadh MRS dul i ngleic le moltaí a tháinig as an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ina theannta sin, is gá don díriú ar an óige leanúint ar aghaidh nuair atá Bliain Eorpach na hÓige thart agus ba cheart comhairlí na n-óg a bhunú i ngach MRS. D'fhéadfadh malartuithe treisithe idir MRS chomh maith le líonraí comhair réigiúnacha eile cuidiú chun sineirgí a mhéadú.

Samplaí de thionscadail agus de phróisis

Is tionscnamh faoi stiúir na Slóivéine é comórtas óige EUSAIR POPRI³⁷ a chuardaíonn na smaointe fiontraíochta is fearr ó dhaoine óga sa Réigiún Aidriadach-Iónach. Meallann an comórtas, ar cuireadh tús leis in 2021, timpeall 3500 duine óg a bhfuil suim acu i gcúrsaí gnó agus a bhfuil fonn orthu a gcuid smaointe cruthaitheacha agus nuálacha a chur i láthair do na breithiúna ó thús deireadh. Tá an comórtas oscailte do dhaltaí ardscoile idir 14-18 agus do mhic léinn ollscoile idir 18-29 mbliana d'aois.

6. RIALACHAS AGUS INNIÚLACHT RIARACHÁIN A FHEABHSÚ

Is bealach mealltach atá sna straitéisí macraireigiúnacha (MRS) chun comhoibriú agus leanann tíortha nua dá suim a léiriú chun bheith páirteach sna straitéisí. D'fháiltigh EUSAIR an Mhacadóin Thuaidh an 2 Aibreán 2020 agus San Mairíne an 14 Feabhra 2022. Áirítear 10 dtír leis an straitéis sin anois agus níl ach ceithre cinn acu ina mBallstát de chuid an Aontais³⁸ rud a fhágann go ndíríonn sí go háirithe ar an méadú.

Foilsíodh plean gníomhaíochta athbhreithnithe EUSBSR an 15 Feabhra 2021, ar plean é a ailíníonn an straitéis leis an aistriú glas agus digiteach, a thugann córas comhordaithe agus bainistíochta simplithe isteach agus a bhunaíonn Pointe Straitéise Mhuir Bhailt chun fothú acmhainneachta agus comhroinnt eolais a chomhordú agus inniúlacht chumarsáide a fheabhsú.

³⁵ <https://bledstrategicforum.org/young-bsf-2021/>

³⁶ <https://bsyp.eu/>

³⁷ <https://popri.si/en/>

³⁸ Cumhdaíonn EUSAIR 10 dtír, ceithre díobh atá ina mBallstát de chuid an Aontais (an Chróit, an Ghréig, an Iodáil, an tSlóivéin) agus sé thír nach Ballstáit den Aontas iad (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, San Mairíne, an tSeirbia).

Chuir cogadh na Rúise san Úcráin isteach ar na MRS ar roinnt bealaí. Tá an-chuid dóibh siúd atá páirteach i ngníomhaíochtaí MRS ag cuidiú le teifigh anois agus ag áirithiú leanúnachas stáit na hÚcráine. Ní raibh uachtaránacht na Úcráine ar EUSDR ábalta go sealadach a cúraimí a dhéanamh agus chomhaontaigh comhaltaí eile uachtaránacht Thírreáid na Danóibe – an tSlóvaic agus an tSlóivéin – gníomhú ar a son go sealadach.

I ngach ceann de na ceithre MRS, déanann Airí Gnóthaí Eachtracha agus, i gcásanna áirithe, na hairí nó na húdaráis atá i gceannas ar chistí an Aontais ionadaíocht ar an leibhéal polaitiúil. Do na MRS lena mbaineann tíortha aontachais agus tíortha aontachais féideartha, bíonn na Comhordaitheoirí IPA Náisiúnta páirteach go dlúth agus soláthraíonn siad treoir pholaitiúil agus straitéiseach. In EUSALP, bíonn ról suntasach ag údaráis réigiúnacha sna pléití polaitiúla/straitéiseacha ar gach leibhéal rialachais. Áiríonn Bord Rialála EUSAIR dhá NC ó gach tír, ceann amháin ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus an ceann eile ón Aireacht atá i gceannas ar chistí an Aontais.

Tá ról na huachtaránachta uainíochta ag fás sna straitéisí uile. Baineann sé sin le Ballstáit an Aontais agus le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad araon, toisc go raibh nó go mbeidh uachtaránacht á sealbhú ag tír nach Ballstáit den Aontas í ag gach ceann de na trí MRS a bhfuil tíortha nach Ballstáit den Aontas iad acu (an Danóib, Muir Aidriach-Iónach, na hAlpa). Tá oird uainíochta fosaithe uachtaránachtaí chomh maith le formáid tríríod uachtaránachtaí comhleanúnacha (réamhtheachtaí/sealbhoir/comharba) i bhfeidhm anois i ngach ceann de na ceithre MRS. Tháinig méadú ar a ról, trí bhunú “grúpa ceithre Thírreáid Uachtaránachtaí”, a thagann le chéile go tráthrialta agus i gcónaí i gcomhthráth le Seachtain MRS bhliantúil an Aontais.

Chun malartú taithí agus aistriú dea-chleachtais a chur chun cinn, lean na huachtaránachtaí MRS, in éineacht leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ón gclár Interact³⁹ de bheith ag forbairt líonraí comhair, cúrsaí oiliúna, modhanna, agus uirlisí chun na MRS a leabú i gclár chistiúcháin an Aontais 2021-2027. Lean Interact, le tacaíocht an Choimisiúin, de bheith ag cur chun cinn an choincheapa mhacraireigiúnaigh agus ag neartú inniúlacht na gcomhlachtaí cur chun feidhme. Tá idirphlé le straitéisí imchuach farraige fíor-riachtanach do na MRS lena mbaineann comhpháirt mhuirí.

Is cruinnithe polaitiúla tábhachtacha iad na Fóraim MRS Bhliantúla a mbíonn ardionadaíocht pholaitiúil iontu. D’oscail Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ceathrar Phríomh-Aire agus Ard-Rúnaí ECFE Fóram EUSBSR Bliantúil 2021. Chun an tairbhe iomlán a bhaint, áfach, ba cheart na fóraim bhliantúla a chomhcheangal le cruinnithe aireachta - ar leibhéal MRS nó téamach - agus le cruinnithe tráthrialta idir parlaiminteoirí ar gach leibhéal. Thairis sin agus cé gur taifeadadh dul chun cinn, chun leanúnachas a áirithiú, i gcás saincheisteanna a tharraingíonn uachtaránacht MRS amháin anuas, ba cheart go bhfreastalóidh an chéad uachtaránacht eile orthu.

Tháinig méadú suntasach ar ról na ngrúpaí stiúrtha téamaigh/tosaíochta/beartais nó gníomhaíochta atá mar thiománaithe chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta MRS ó lá go lá. Mar sin féin tá gá le tuilleadh oibre chun na príomhfheidhmeoirí MRS sin a chumhachtú trí shainorduithe soiléir, inniúlacht éifeachtach cinnteoireachta agus fíis shoiléir maidir leis an gcaoi a gcuireann a gcuid réimsí oibre leis an gcomhthéacs beartais níos leithne, agus comhthéacs cobhsaí a bhfuil rochtain aici ar na hacmhainní, ar an inniúlacht theicniúil agus ar na scileanna a bhfuil gá leo a áirithiú idir an dá linn. Ní mór cothromaíocht a aimsiú idir cruinnithe rialta, dírithe ar líne le haghaidh malartú comhordaithe agus faisnéise

³⁹ <https://www.interact-eu.net/>

agus cruinnithe i láthair go pearsanta atá éifeachtach chun malartú díreach agus comhfhorbairt smaointe nua a chumasú.

Tuairiscítear dul chun cinn maidir leis na struchtúir tacaíochta teicniúla a éascaíonn cur chun feidhme na MRS. Tá rath ar Phointe Straitéise Danóibe EUSDR (DSP) arna bhunú in 2018 agus is príomhghné é de chóras rialachais EUSDR deá-fheidhmiúil. Is gné fhíor-riachtanach é Pointe Saoráide EUSAIR d'fheidhmiú an rialachais EUSAIR. I gcás EUSALP agus EUSBSR araon, tá struchtúir tacaíochta teicniúla nua á mbunú in 2022. Beidh sé ríthábhachtach go gcumhachtaítear na struchtúir tacaíochta teicniúla sin, a bheidh oibríochtúil go luath i ngach MRS, le hacmhainní leordhóthanacha ionas gur féidir an obair a dhéanamh i gceart agus leanúnachas a áirithiú.

7. ROCHTAIN NÍOS FEARR AR CHISTIÚ AGUS AR LEABÚ

Tá ról dearfach catalaíoch ag na ceithre chlár trasnáisiúnta Interreg a chumhdaíonn MRS chun tacú leis na straitéisí agus leanfaidh siad de bheith ag tacú le linn na clárthréimhse 2021-2027, a bhí freisin leis na forálacha a áirítear sa rialachán Interreg nua⁴⁰. Ach níl ná hacmhainní (buiséid an-teoranta) ná an cumhdach téamach ag na cláir Interreg sin, áfach, chun bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí agus ar na tosaíochtaí MRS go léir.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, cuireadh dlús leis an bpróiseas chun cláir chistiúcháin náisiúnta/réigiúnacha an Aontais 2021-2027 a ailíniú le tosaíochtaí MRS ábhartha (leabú) i ngach ceann de na ceithre MRS. Tá Líonra Údaráis Bhainistíochta EUSDR do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) ann ó 2015 anois. In 2021, bunaíodh líonraí nua d'údaráis bhainistíochta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)/an Chiste Chomhtháthaithe (CF) agus d'údaráis chlársceidealaithe na hIonstraime um Chúnaimh Réamhaontachais (IPA)/na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI). Bunaithe ar an bplean gníomhaíochta EUSDR athbhreithnithe, leagadh síos cúig réimse le bheith ina n-ábhar do cheardlanna téamacha le linn 2022. Ullmhaíodh treoir dhoiciméid, go háirithe d'ullmhaigh Uachtaránachtaí na Cróite, na Slóvaice agus na hÚcráine cinn, in éineacht le huirlis Leabaithe EUSDR⁴¹ arna hullmhú ag an bPointe Straitéise Danóibe.

In 2021, bunaíodh trí líonra idirphlé airgeadais EUSALP (ar aistriú fuinnimh agus go sonrath hidrigin, soghluaisteacht inbhuanaithe agus teicneolaíocht dhigiteach) chun an ceangal idir gníomhaíochtaí EUSALP agus cistiú atá ar fáil a éascú. Tá rath ar an obair maidir le leabú laistigh de na Saotharlanna Gníomhaíochta do chlár Comhair Chríochoigh Eorpaigh EUSAIR. Ba cheart síneadh a chur leis chuig beartas comhtháthaithe príomhshrutha agus cláir IPA III. Mar thoradh ar an obair sin, ba cheart go mbunófar líonra Údarás Bainistíochta agus Comhordaitheoirí IPA Náisiúnta a chomhoibredh ar shainmhíniú na dtéarmaí agus na dtagairtí, ar ullmhú an ghlaio ar thograí, ar fhaisnéis chuig tairbhíthe agus ar thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme tionscadal comhpháirteach nó comhthreomhar a rannchuidíonn le tionscadail shuaitheanta EUSAIR réamh-shainmhínithe. Tá líonraí údarás bainistíochta ann cheana féin mar chuid de EUSBSR do CSE, CFRE, don Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus don Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID). Táthar ag súil le cur chuige níos córasaí maidir leis an leabú mar chuid de EUSALP agus EUSBSR araon tráth atá na struchtúir tacaíochta teicniúla go hiomlán oibríochtúil.

⁴⁰ Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2021/1059: “I gcás ina bhfuil clár B Interreg ag tacú le straitéis mhacraireigiúnach nó le straitéis imchuach farraige, déanfar 80 % ar a laghad de ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, cuid d’ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a leithdháileadh faoi thosaíochtaí seachas cúnaimh teicniúil a rannchuidiú le cuspóirí na straitéise.”

⁴¹ <https://danube-region.eu/projects-and-funding/embedding-2021-2027/>

Toisc nach bhfuil acmhainní dílse ag na MRS, ar an gcuma chéanna le straitéisí imchuach farraige; braitheann a gcur chun feidhme ar shineirgí le hionstraimí eile agus ar chistiú a thabhairt le chéile ó fhoinsí éagsúla. Sin an fáth a bhfuil rath na MRS, i ndeireadh na dála, nasctha lena n-inniúlacht chun a áirithiú go bhfuil cistí an Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus cinn phoiblí agus phríobháideacha eile ailínithe le tosaíochtaí na straitéise, go maoiníonn siad na gníomhaíochtaí MRS/go dtacaíonn siad leis na MRS.

Is dúshlán mór do EUSAIR agus EUSDR roinnt foinsí chistiú an Aontais a chomhcheangal (Cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, IPA III, NDICI agus IPARD⁴² III) a oibríonn de réir rialachán éagsúil, modheolaíochtaí, uainithe, agus le struchtúir éagsúla. Ba cheart go gcuireann príomhfheidhmeoirí MRS méadú lena gcuid iarrachtaí chun na domhain dhifriúla sin a chur i dteagmháil lena chéile níos minice agus chun níos mó sineirgí a fhorbairt do chur chun feidhme gníomhaíochtaí macraireigiúnacha agus tionscadal.

Tá sé tábhachtach don todhchaí go gcuirfear i ngníomh na gealltanais pholaitiúla a dhéantar ag cruinnithe aireachta i ndáil leis an leabú. Ina theannta sin, bheadh sé ina bhuntáiste dá mbeadh fiontair agus FBManna páirteach chun cásanna agus féidearthacht (cnuasaigh, ardáin um speisialtóireacht chliste etc.) a shainathint do na ceithre mhacraireigiún. Mar shampla, i réimse an gheilleagair ghoirm, is príomhuirlisí iad ardáin um speisialtóireacht chliste chun nuálaíocht a bhaint amach, i dtreo aiseanna an dícharbónaithe agus an digitithe. D'fhéadfadh malartú dea-chleachtais idir agus thar MRS cuidiú leis sin. Ba cheart ról “grúpa ceithre Thríréd Uachtaránachtaí” agus Interact a fhiosrú chun an próiseas a éascú. Ba cheart líonraí údarás (bainistíochta) cláir a bhunú i ngach MRS. Tá ról suntasach ag na líonraí sin agus ba cheart dóibh oibriú le linn na tréimhse 2021-2027 agus ina dhiaidh sin.

Tar éis ghlaio ón gComhairle mar chuid dá conclúidí den tríú tuarascáil ar Chur Chun Feidhme straitéisí macraireigiúnacha an Aontais, d'eagraigh an Coimisiún sraith ceardlann atá tiomnaithe do chlár an Aontais a bhainistítear go díreach le linn Sheachtain MRS 2021 an Aontais. Ina theannta sin, bunaíodh pointí teagmhála MRS i ngach Ard-Stiúrthóireacht den Choimisiún. Mar thoradh ar an idirphlé laistigh den Choimisiún, áirítear tagairtí do MRS i gcuid de chlár oibre na gclár a bhainistítear go díreach agus tá glaonna i gcásanna áirithe a dhíríonn go sonrach ar MRS. Spreagann an clár oibre 2021-2024 don chlár LIFE úsáid na MRS maidir le Tionscadail Chomhtháite Straitéiseacha ar scála trasnáisiúnta agus cur chun feidhme comhtháite na dTionscadal Straitéiseach maidir leis an Dúlra. In 2021, sheol an fochlár LIFE ‘Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú don Athrú Sin’ an chéad ghlaio ar thograí a dhíríonn ar na MRS. Déanann dhá chlár oibre Fís Eorpach 2021-2022 (‘Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú’ agus Bia, Bithghuilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus an Comhshaol’) tagairt don MRS agus do líonraí téamacha macraireigiúnacha.

Ba cheart go spreagann MRS, NCanna agus TCanna tionscnóirí tionscadail (e.g., gníomhairí macraireigiúnacha) chun páirt a ghlacadh i nglaoanna ar thogaí arna bhfoilsíú ag ionstraimí an Aontais a bhainistítear go díreach, lena n-áirítear cistí nua amhail na cistí díreacha nua den chlár Digiteach SCE, le haghaidh glacadh breise a mhéadú. D'fhéadfadh an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla⁴³ tacaíocht a thabhairt do MRS, a mhéad a bhaineann siad le dearadh agus cur chun feidhme athchóirithe. Soláthraítear an tacaíocht do na Ballstáit arna hiarraidh sin thar raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear comhtháthú agus na haistrithe glasa agus

⁴² Ionstraim um chúnamh réamhaontachais san fhorbairt tuaithe (IPARD).

⁴³ [https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_en#:~:text=The%20Technical%20Support%20Instrument%20\(TSI.co%2Dfinancing%20from%20Member%20States.](https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_en#:~:text=The%20Technical%20Support%20Instrument%20(TSI.co%2Dfinancing%20from%20Member%20States.)

digiteacha agus d'fhéadfaí í a sheachadadh mar thionscadal iltíre nó ilréigiúnach. Ar deireadh, ba cheart go rannchuideodh na MRS le cur chun feidhme Mhisin Fís Eorpach an Aontais Eorpaigh⁴⁴, go háirithe na cinn lena mbaineann gné réigiúnach láidir, amhail Misean an Aontais Eorpaigh chun ár nAigéin agus ár nUisce a athbhunú.

8. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT – OBAIR IDIR LÁMHA

Leis na MRS táthar ag baint amach líon suntasach torthaí, ó éifeachtaí inniúlachta inmheánacha agus próisis comhordaithe/comhair idir tíortha agus réigiúin, go dtí tionscadail/gníomhaíochtaí trasnáisiúnta nithiúla a chur chun feidhme nó a éascú. Sa chleachtas, áfach, bíonn sé dúshlánach an méid a bhaintear amach a thomhas agus tuarascáil a dhéanamh air.

Sin é an fáth a bhfuil tionscnaimh chun córais faireacháin a fhorbairt ag dul ar aghaidh i ngach MRS. Ba cheart an uirlis faireacháin chríochoigh mhacrairéigiúnaigh fhoriomláin arna forbairt ag an ESPON (Gréasán Eorpach um Fhaire ar Phleanáil Spásúil) chun faire a dhéanamh ar threochtaí forbartha agus pátrúin forbartha i ngach ceann de na ceithre MRS a fhiosrú leis na straitéisí sin go léir nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar roghanna chun a gcuid spriocanna agus beartas a fheabhsú nó a athdhíriú. Ina theannta sin, soláthraíonn Cásanna Críochoacha ESPON do Mhacrairéigiúin na Danóibe agus Aidriadacha-Iónacha ionchur luachmhar.

Forbraíodh maitrís faireacháin ag agus do EUSALP in 2021 a bhfuil spriocanna agus táscairí sainmhínithe aici. Leagann an plean gníomhaíochta athbhreithnithe 2021 do EUSBSR a chreat measúnaithe agus faireacháin, arna fhorghníú ag Grúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta agus arna sheoladh ar shuíomh gréasáin EUSBSR amach. Sa EUSDR, tugadh isteach córas faireacháin nua in 2022.

Dá réir sin, cé gur taifeadadh an méid a baineadh amach sna réimsí faireacháin agus meastóireachta, is gá cur leis na gníomhaíochtaí. Tá sé sin ríthábhachtach chun sonraí níos fearr agus níos láidre a fháil ar thionchar na MRS, lena n-áirítear i dtéarmaí cistithe a shlógtar do chur chun feidhme na straitéisí. Bheadh sásraí faireacháin cuimsitheacha níos cabhraí chun tacaíocht pholaitiúil a chothabháil agus bheadh siad ina gcuid do phríomhfheidhmeoirí chun laigí agus láidreachtaí na straitéisí go léir a thuiscint níos fearr.

9. STRAITÉISÍ MACRAIRÉIGIÚNACHA A CHUR IN IÚL NÍOS FEARR

Ar an iomlán, díróinn gníomhaíochtaí cumarsáide na gceithre MRS ar theachtairreachtaí dlúthpháirtíochta agus comhair le linn cogaidh agus paindéime. In 2020, forbraíodh insint choitianta ag oifigigh cumarsáide agus beartais MRS in éineacht le tacaíocht ó Interact. Bhí sé mar thoradh ar phlé faoin misean, faoin bhfís, agus faoi theachtairreachtaí ríthábhachtacha atá coitianta sna ceithre straitéis chun *raison d'être* MRS a mhíniú do lucht féachana níos leithne. Cruthaíodh físeán as an insint⁴⁵ a mhíníonn na dúshláin san Eoraip, agus ról na MRS chun iad a shárú.

D'oiriúnaigh na straitéisí go léir a modhanna cumarsáide, agus béim á cur acu ar fhormaidí digiteacha agus ar na meáin shóisialta. Cuir EUSALP sraith físeán YouTube ar dhlúthpháirtíocht i bhfeidhm laistigh den réigiún Alpach. Bhí toradh ar an obair déanta chun misean, fís agus teachtaireachtaí ríthábhachtacha a sholáthar trí mheáin airgeadais thiomnaithe do gach straitéis, agus torthaí suntasacha faighte maidir le gníomhaíochtaí

⁴⁴ https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe_en

⁴⁵ [\(193\) Straitéisí Macrairéigiúnacha an Aontais, réitigh comhair le linn idirthréimhse - YouTube](#)

cumarsáide. Chuidigh lucht féachana níos dírithe chun teachtaireachtaí ríthábhachtacha a leagan amach agus cruthaíodh feachtais dhigiteacha nithiúla as na teachtaireachtaí sin.

Tá Seachtain MRS an Aontais, a eagraítear de ghnáth ag tús gach bliain, mar an imeacht is mó atá bunaithe sa Bhruiséil agus tiomnaithe ar pháirtithe leasmhara MRS a cheangal ar gach leibhéal le hionadaithe óna hinstiúidí Eorpacha, taighde agus an saol acadúil, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus saoránaigh. Áirigh an tSeachtain MRS 2021 seisiúin ar thacaíocht leis an téarnamh COVID-19, leis an bpróiseas leabaithe agus le cláir chistiúcháin an Aontais arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún Eorpach. In 2022 bhí béim ag an tSeachtain MRS ar an óige, ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus ar athrú sóisialta. Áirigh an oscailt léiriú dlúthpháirtíochta leis an Úcráin.

Is tionscnamh faoi stiúir na Slóivéine é Seachtain Chósta na Meánmhara agus Straitéisí Macraireigiúnacha⁴⁶ a thugann príomhfheidhmeoirí ó na ceithre MRS le chéile. Tá sé ina uirlis rathúil chun na meáin náisiúnta agus an pobal i gcoitinne a shroicheadh.

Ag féachaint chun cinn, ba cheart leanúint den obair chun na MRS a chur in iúl do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne agus í a leathnú laistigh de agus thar MRS, go háirithe trí chumarsáid níos dírithe, sineirgí a shaothrú, comhordú agus comhchuibhiú a fheabhsú.

10. AN BEALACH AR AGHAIDH AGUS CONCLUÍDÍ

Tá an méid a chuireann na MRS le haistrithe glasa, digiteacha agus sóisialta tábhachtach. Tá dlús á chur leis an seachadadh de na topaicí sin ag na MRS go léir agus má neartaítear an inniúlacht atá acu chun iad a sheachadadh, beidh na MRS níos ábhartha ón taobh polaitíochta de. Atreisiúnn gníomhaíochtaí a chuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha amhail an cogadh san Úcráin, an ghéarchéim aeráide agus téarnamh ón bpaindéim ábharthacht na straitéisí tuilleadh.

Ba cheart go méadaíonn na MRS a n-iarrachtaí, áfach, chun tacú le gníomhaíochtaí nua i réimsí ina soláthraíonn comhar ar leibhéal macraireigiúnach luach breise, a fhiosraíonn sineirgí chomh maith le straitéisí imchuach farraige, agus a d'fhéadfadh na MRS a oscailt le haghaidh réiteach atá deacair le baint amach i gcomhthéacsanna níos foirmiúla, amhail fuinneamh. Chuir an cogadh san Úcráin an slándáil fuinnimh ar bharr chlár oibre an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le Plean REPowerEU⁴⁷. Tá sé d'aidhm aige allmhairí gáis a éagsúlú agus éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid fuinnimh inbhuanaithe a mhéadú chun neamhspleáchas a bhaint amach ó bhreoslaí iontaise na Rúise faoi 2030. Déanann Doiciméad Inmheánach Oibre⁴⁸ REPowerEU tagairt shonrach do ról na MRS mar chreataí comhair chun infheistíochtaí i mbonneagar hidrigine a chur chun cinn i gcomhthéacs trasteorann, idir-réigiúnach agus trasnáisiúnta.. Sin iad na réimsí a mbeidh ar na MRS aird a thabhairt orthu sna blianta atá le teacht.

Toisc gur ghlac an Úcráin uachtaránacht ar EUSDR in 2021, spreagtar gníomhaíochtaí nua agus cuirtear le doimhniú an chomhair i réigiún na Danóibe dá bharr. Mar chuid de phróiseas an mhéadaithe, tá na MRS oiriúnach chun cuidiú le glacadh dhlí an Aontais agus inniúlacht riaracháin a chruthú idir an dá linn maidir le beartais éagsúla an Aontais, lena n-áirítear beartas comhtháthaithe agus prionsabal na bainistíochta comhpháirtí. Sna Balcáin Thiar, ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin uachtaránacht ar EUSAIR in 2022. Beidh sé de

⁴⁶ <https://www.adriatic-ionic.eu/2022/06/10/save-the-date-for-the-mediterranean-coast-and-macro-regional-strategies-week-2022/>

⁴⁷ https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_22_3131

⁴⁸ SWD(2022) 230 final, 18.5.2022.

chúram ag an EUSDR tacaíocht a thabhairt d'uailmhianta na hÚcráine agus na Moldóive maidir le ballraíocht san Aontas Eorpach.

Dá bhrí sin, is uirlisí cumhachtacha iad MRS chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach, féiniúlacht mhacrairéigúnach agus toilmhianta a thógáil agus iontaoibh agus muinín idir tíortha comharsanacha a thógáil. Is uirlisí solúbtha iad na straitéisí chun freagairt ar dhúshlán nua atá ag teacht chun cinn. Cuireann MRS príomhthionscnaimh an Aontais Eorpaigh in oiriúint d'fhírinne agus do shainiúlachtaí réimse feidhmiúla agus is féidir leo cuidiú chun an tAontas Eorpach a thabhairt níos cóngaraí do shaoránaigh agus do dhaoine óga. Tá dul chun cinn maith déanta ag na hiarrachtaí chun tosaíochtaí na MRS a leabú i gclár chistiúcháin an Aontais 2021-2027 ábhartha, agus na torthaí tosaigh atá á léiriú acu mar thuar dóchais. Beidh gá, áfach, le haird ar bhonn leanúnach suas le 2027 chun cur chun feidhme na dtosaíochtaí sin a áirithiú.